C/2024/5511

11.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11563 – MSC / CLASQUIN)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5511)

1. An 2 Meán Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe, de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— SAS Lux Shipping Agencies Services S.à.r.l. ('SAS Lux', Lucsamburg), faoi rialú indíreach MSC Mediterranean Shipping Company Holding SA ('MSC', an Eilvéis), eintiteas ceannasach an Ghrúpa MSC

— Clasquin S.A. ('Clasquin', an Fhrainc)

Gheobhaidh an Grúpa MSC, trína fhochuideachta SAS Lux, rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Clasquin ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach in dhá chéim i ndiaidh a chéile, is é sin trí bhíthin ceannach scaireanna ar thaobh amháin, agus trí bhíthin tairiscint phoiblí maidir leis na scaireanna atá fágtha ar an taobh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá an Grúpa MSC gníomhach ar fud an domhain in iompar muirí tráchtearraí i longa coimeádán, i láimhseáil sa chalafort agus sa lóistíocht ar thaobh amháin, agus in iompar muirí paisinéirí ar an taobh eile,

— Tá Clasquin gníomhach i gcoimisiúnú iompair trasteorann den chuid is mó, agus soláthraíonn sé réitigh maidir le seoladh idirnáisiúnta cineálacha éagsúla tráchtearraí, san aer, ar muir agus ar tír.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, agus gan dochar dá chinneadh críochnaitheach maidir leis sin, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11563 – MSC / CLASQUIN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').